

Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2020

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe Custam a chur i bhfeidhm

Seirbhísí do Chomhlíontacht

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus Custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Réamhrá an Bhoird

Tagann Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim 2020 (TCCI2020) leis an Ráiteas Straitéise 2020–2022 agus tá sé mar bhonn eolais do na Pleananna Gnó Rannóige mionsonraithe le haghaidh 2020.

Tá an timpeallacht sheachtrach ina bhfeidhmíonn muid fós an-chorrach. Beidh muid airdeallach agus gasta i gcás aon athruithe nó forbairtí gan choinne.

Nuair is gá, déanfaidh muid athbheachtú agus leagfaidh muid ord tosaíochtaí TCCI2020 amach in athuair ionas go mbeidh muid in ann freagairt go sciobtha agus go héifeachtach i leith aon dúshlán gan choinne a imríonn tionchar ar ár dhá bhunchloch, is é sin Seirbhísí do Chomhlíontacht agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht.

I gcomhthéacs imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, déanfaidh muid monatóireacht ghéar ar fhorbairtí agus cinnteoidh muid go bhfeidhmíonn muid rialuithe Custam de réir an chreata oibre atá ag síorfhorbairt.

Tá sé ríthábhachtach dár rath in 2020 go dtógann muid ar an obair ar an ailíniú struchtúir ar thug muid faoi go dtí seo. Bainfidh muid leas as na hathruithe seo le cinntiú:

- go ndéanann muid an chomhlíontacht chomh héasca agus is féidir agus an neamhchomhlíontacht chomh deacair agus is féidir;
- go leagann muid tosaíochtaí riosca amach agus go ndíreoidh muid air;
- go dtuigeann muid ár mbonn cásanna agus an riosca bainteach ina iomláine; agus
- go dtugann muid freagra seasmhach ar iompar cáiníocóirí.

Tá ár bhfoireann ríthábhachtach don uile rud a bhaineann muid amach, agus in 2020 leanfaidh muid ag obair go dian chun ár bhfoireann a fhorbairt chun na gcaighdeán is airde agus cinnteoidh muid gur áit oibre dhúshlánach ach thairbheach é na Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Niall Cody
Cathaoirleach



Gerry Harrahill
Coimisinéir



Mick Gladney
Coimisinéir



Ár dTosaíochtaí do 2020



Ár dTosaíochtaí do 2020

Tosaíocht Chorparáideach	Gníomhaíochtaí
Cánacha agus Dleachtanna a Bhailiú	- Cánacha agus dleachtanna a bhailiú agus comhlíontacht thráthúil íocaíochtaí agus tíolactha a chinntiú thar gach cuid den bhonn cásanna. - Tacaíocht a thabhairt agus páirt ghníomhach a glacadh leis an Roinn Airgeadais sa mheastóireacht agus forbairt ar an gcreat oibre beartais cánach agus dleachta, lena n-áirítear beartais gníomhaithe ar son na haeráide. - Na cuspóirí a bhrú chun cinn mar atá leagtha amach i dTreochlár Cánach Corparáide na hÉireann agus treoir thráthúil a thabhairt chun cabhrú le cáiníocóirí comhlíontacha a gcuid dualgas a chomhlíonadh sa timpeallacht nua agus níos casta seo. - Achomhairc oidhreachta chánach a athbhreithniú.
Comhlíontacht Shábháilte a bhaint amach trí Dhearadh agus Seirbhís den Scoth	- Struchtúir agus tacaíochtaí a chur ar fáil do cháiníocóirí trína n-éascaítear leibhéal ard comhlíontachta saorálaí, lena n-áirítear seirbhís den scoth a chur ar fáil taobh istigh dár gcaighdeáin foilsithe. - Tabhairt faoi mheastóireacht ar an gcaoi a bhféadann muid tógáil ar Sheirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS) chun tacú le hobair gníomhairí canach agus custam le haghaidh leibhéal ard comhlíontachta saorálaí. - Measúnú a dhéanamh ar na roghanna le haghaidh struchtúr nua seirbhíse don Cháin Cláraithe Feithiclí (CCF), agus an dearadh nua a thabhairt chun críche agus a chur ar fáil. - I gcomhthéacs an Bhreathnaithe, rialuithe custam a chur i bhfeidhm ar bhealach a thacaíonn le trádáil dhlísteanaigh, a fheabhsaíonn iomaíochas agus a dhéanann bainistiú ar rioscaí comhlíontachta. - Le cinntiú go n-íocann na daoine cearta an cháin cheart ag an am ceart, leathnóidh muid an tuairisciú fíor-ama amach chun na Cánach Iarchoimeádta Díbhinne (CID), déanfaidh muid measúnú ar an scóip ar na roghanna agus na hamhlínte don Cháin Bhreisluacha (CBL) agus do dheiseanna eile a d'fhéadfadh teacht aníos. - Leas iomlán a bhaint as deiseanna chun leathnú a dhéanamh ar réamhlíonadh tuairisceán agus leas a bhaint as na buntáistí a bhainfidh leis an bhfoirm bheartaithe ar líne CA24 don CFC do na Coimisinéirí Ioncaim, an Oifig Probháide, cáiníocóirí agus gníomhairí.
Ár gCur Chuige Riosca-Bhunaithe i ndáil le Neamh-chomhlíontacht a fheabhsú	- Doimhniú ar ár dtuiscint ar an mbonn cásanna agus na deacrachtaí cánach agus dleachta a thagann aníos, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do chúrsaí saibhris, comaoin ó glúin go glúin, struchtúir amhail cistí, iontaobhais, samhlacha nua gnó agus aghaidh a thabhairt ar dhianphleanáil cánach. - An neamhchomhlíontacht a shainaithint, díriú uirthi agus aghaidh a thabhairt uirthi, mar léiriú ar chur chuige riosca-dhírith ar an mbainistíocht chomhlíontachta. - Caighdeán ár gcuid sonraí a bhainistiú go gníomhach le cinntiú gur léiriú cruinn é ar iompar cáiníocóirí agus le cabhrú linn rioscaí comhlíontachta a shainaithint. - Freagra seasmhach a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht, ionas go mbraitheann cineál, méid agus iarmhairtí ár bhfreagra ar iompar cáiníocóirí. - Sainaithint a dhéanamh ar na roghanna le haghaidh creat oibre nua chun laghdú a dhéanamh ar an ualach comhlíontachta ar cháiníocóirí a bhfuil suimeanna beaga ioncaim féinmheasúnaithe acu. - Cláir chomhlíontachta don ÍMAT a shocrú, meastóireacht a dhéanamh orthu agus iad a fheidhmiú chun leas a bhaint as faisnéis fíor-ama. - Athbhreithniú a dhéanamh ar ár samhail idirghabhála comhlíontachta agus an creat oibre pionóis a bhaineann léi. - Samhlacha idirghabhála earnála agus 'grúp-nasctha' a fheidhmiú a fheabhsaíonn clúdach na comhlíontachta. - Láidreoidh muid ár n-úsáid as anailísíocht sonraí agus faisnéis chun díriú níos fearr ar rioscaí i leith imghabháil dleachta agus cánach, calaois, coireacht eagraithe, drugaí, trádáil neamhdhleathach, smuigleáil agus an scáthghéilleagar.

Ár dTosaíochtaí do 2020

Tosaíocht Chorporáideach	Gníomhaíochtaí
Ag oibriú le Comhpháirtithe chun Dul i nGleic le Dúshlán Idirnáisiúnta	- An beartas agus cur chuige oibríochta aontaithe i leith an Bhreathimeachta a fheidhmiú agus a bhainistiú de réir bheartas an Rialtais agus i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhoirí lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ). - Ár ndualgais faoi Threoracha Frith-Sciúrtha Airgid an AE a chomhlíonadh. - Tacaíocht a thabhairt don Roinn Airgeadais i leith mholtaí an AE agus an OECD chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán chánach a bhaineann le digitíú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí. - Tacú leis an dearadh ar rialacha iltaobhacha le haghaidh bailiú agus malartú uathoibríoch faisnéise maidir le díoltóirí ar ardáin dhigiteacha. - Cabhrú le forbairt cumais an chórais riartha chánach, mar thacaíocht d'úsáid acmhainní intíre i dtíortha i mbéal forbartha. - Ionchur gníomhach a thabhairt d'fhorbairt an tionscadail Foresight AE i leith na gCustam, ag baint úsáid as léargais mar chóras comhtháite riartha chánach agus custam. - Leanúint de pháirt a glacadh agus ionchur a thabhairt d'fhóiraim forfheidhmithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Tascfhórsa na nGníomhaireachtaí Comhpháirteacha Trasteorann chun díriú níos fearr ar rioscaí imghabhála dleachta agus cánach.
Rannpháirtíocht Foirne a Dhoimhniú agus a bheith mar Eagraíocht Inoiriúnaithe	- Sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna sonracha dírithe earcaíochta agus forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD) le cinntiú go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta againn. - Oiliúint, cóitseáil agus meántóireacht iarrtha a shainaithint agus tosaíochtaí a leagan amach ina leith agus iad a chur ar fáil. - Ár Luachanna agus ár gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe agus ár nDualgais Earnála Poiblí a dhaingniú tuilleadh, trí thacaíocht fhollasach don fhoireann agus dá leas. - Plean Fórsa Saothair 2020–2025 a fhorbairt, ag cur san áireamh cumraíocht na foirne agus suímh gheografacha a dhéanann optamú ar bhuntáistí an Athailínithe, an Nua-Aoisithe ÍMAT agus tionscnaimh fíor-ama amach anseo. - Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith oibríochtaí taobh amuigh de ghnáthuaireanta, poist allúntais agus sealobair. - Cur chuige níos comhtháite a fhorbairt agus a fheidhmiú i leith na seirbhíse do chomhlíontacht agus i leith comhlíontacht riosca-bhunaithe agus gníomhaíochtaí bainistithe fiachais.
Ár gCumas Digiteach a fhorbairt níos mó	- Ár gcórais agus seirbhísí a dhaingniú agus sláine agus príobháideacht sonraí cáiniócoirí a chinntiú. - Ár mbonn teicneolaíochta a athnuachan de réir ár Straitéis TFC, chun inbhuanaitheacht na seirbhísí a chuireann muid ar fáil a chinntiú agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí oiriúnacha nua chun ár bpróisis a athrú ó bhonn. - An tionscadal ríomhThráchtála CBL a bhrú chun cinn agus an Córas Iompórtála Custam nua a fhorbairt. - Tacú leis an gclár oibre níos leithne TFC don Earnáil Phoiblí, lena n-áirítear forbairt an Bhonneagair Náisiúnta Sonraí, Aitheantóir Uilíoch Gnó, MyGovId agus tionscnaimh Tógáil le Comhroinnt de réir tosaíochtaí agus amlínte socraithe.
Cuntasacht as ár bhfeidhmíocht agus ár nGníomhaíochtaí	- Sainaithint agus meastóireacht ar na roghanna chun feabhas a chur ar thuairisciú ár n-éifeachtachta, ag díriú ar thionchar ár ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear bearta coisctheacha, ar iompar cáiniócoirí. - Leanúint de chreata oibre rialachais a láidriú agus comhlíontacht a chinntiú lenár bhfreagrachtaí dlíthiúla, lena n-áirítear Cosaint Sonraí, rúndacht cáiniócoirí, bainistíocht airgeadais agus Saoráil Faisnéise.